2025/2170

30.10.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2170 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Deireadh Fómhair 2025

lena mbunaítear Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach maidir le Coimíneacht Dhigiteach (DC-EDIC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(3), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Iúil 2025, chuir an Fhrainc, an Iodáil, an Ghearmáin agus an Ísiltír iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Chinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun an Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach maidir le Coimíneacht Dhigiteach ('DC-EDIC') a bhunú. I litir dar dáta an 7 Iúil 2025 a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin, chuir an tSlóivéin in iúl go bhfuil sé beartaithe aici dul isteach in DC-EDIC mar bhreathnóir.

(2) Mar an Ballstát óstach, sholáthair an Fhrainc dearbhú i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (d) de Chinneadh (AE) 2022/2481 inar luaigh sí gur aithin sí DC-EDIC mar chomhlacht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 143(1), pointe (g) agus Airteagal 151(1), pointe (b), de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ([2]) agus mar eagraíocht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 11(1), pointe (b), de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle ([3]).

(3) Rinne an Coimisiún measúnú ar an iarratas de bhun Airteagal 14(2) de Chinneadh (AE) 2022/2481. Chinn an Coimisiún go bhfuil na heilimintí uile a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 14(1) den Chinneadh sin ina gcuid den iarratas. Agus cuspóirí ginearálta an Chláir Beartais don Deacáid Dhigiteach á gcur san áireamh, go háirithe rannchuidiú an Chuibhreannais don Bhonneagar Digiteach Eorpach ('EDIC') atá beartaithe le héiceachóras cuimsitheach inbhuanaithe de bhonneagair dhigiteacha idir-inoibritheacha a fhorbairt, agus na breithnithe praiticiúla a bhaineann le cur chun feidhme an tionscadail ilnáisiúnta, go háirithe a acmhainneacht theicniúil, airgeadais agus riaracháin, chinn an Coimisiún go gcomhlíonann an EDIC atá beartaithe na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 13 go 21 de Chinneadh (AE) 2022/2481.

(4) Is é an cúram atá ar DC-EDIC Tionscadal Ilnáisiúnta a bhaineann le Coimíneacht Dhigiteach a chur chun feidhme i réimsí an bhonneagair agus na seirbhísí coiteanna sonraí Eorpacha agus an riaracháin phoiblí nasctha. De bhun an phríomhchúraim sin, ba cheart do DC-EDIC iarrachtaí na mBallstát a chomhcheangal trí acmhainní a chomhthiomsú agus a ngníomhaíochtaí a chomhordú chomh maith le hiarrachtaí pobail chun tacú le coimíneacht dhigiteach a fhorbairt, a choinneáil ar bun agus a scálú agus chun úsáid agus cur i bhfeidhm coimíneachta digití a éascú.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Chinneadh (AE) 2022/2481, chuathas i gcomhairle leis an gcoiste a bunaíodh faoi Airteagal 23(1) den Chinneadh sin chun a thuairim a fháil maidir le DC-EDIC a chur ar bun agus thug sé tuairim dhearfach uaidh an 9 Deireadh Fómhair 2025.

(6) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, mar atá tús a chur le hoibriú DC-EDIC, rud is gá go práinneach dá chur chun feidhme ordúil, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 323, 19.12.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2481/oj.
([2]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj).
([3]) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/262/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Bunaítear leis seo an Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach maidir le Coimíneacht Dhigiteach (DC-EDIC).

2. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag DC-EDIC agus beidh aige i ngach ceann de na Ballstáit an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge a thugtar d'eintitis dhlítheanacha faoi dhlí an Bhallstáit sin. Féadfaidh sé, go háirithe, maoin inchorraithe, réadmhaoin agus maoin intleachtúil a fháil agus a dhiúscairt, féadfaidh sé an mhaoin sin a bheith faoina úinéireacht, agus féadfaidh sé conarthaí a thabhairt i gcrích agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

3. Leagtar amach eilimintí fíor-riachtanacha de reachtanna DC-EDIC, mar a chomhaontaigh a chomhaltaí iad, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

EILIMINTÍ FÍOR-RIACHTANACHA DE REACHTANNA DC-EDIC

1. I gcomhréir le hAirteagal 17(1), pointe (c), de Chinneadh (AE) 2022/2481:

Airteagal 2

Ainm, oifig, suíomh agus teanga oibre

[…]

2. Is é 'EDIC maidir le Coimíneacht Dhigiteach' ainm an EDIC dá dtagraítear i mír (1), dá ngairtear DC-EDIC anseo feasta.

3. Beidh oifig chláraithe DC-EDIC i bPáras na Fraince.

2. I gcomhréir le hAirteagal 17(1), pointe (d), de Chinneadh (AE) 2022/2481:

Airteagal 31

Fad ama

Beidh ann do DC-EDIC go ceann tréimhse éiginnte go dtí go ndéanfar é a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 32.

Airteagal 32

Foirceannadh

1. Is í Tionól na gComhaltaí a chinnfidh foirceannadh DC-EDIC i gcomhréir le hAirteagal 13.

2. Gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 10 lá tar éis ghlacadh an chinnidh DC-EDIC a fhoirceannadh, tabharfaidh DC-EDIC fógra don Choimisiún Eorpach faoin gcinneadh. Tiocfaidh deireadh le DC-EDIC an lá a fhoilseoidh an Coimisiún Eorpach an fógra iomchuí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

3. Sócmhainní a bheidh fágtha tar éis fiacha DC-EDIC a íoc, déanfar iad a chionroinnt i measc na gcomhaltaí i gcoibhneas lena ranníocaíocht bhliantúil charntha le DC-EDIC, mar a shonraítear in Airteagal 12, nó aistreofar iad chuig eintiteas dlíthiúil eile, a mhéid a leanann an t-eintiteas sin le gníomhaíochtaí EDIC.

4. Gan moill mhíchuí agus, in aon chás laistigh de 10 lá ó dhúnadh an nós imeachta foirceanta, tabharfaidh DC-EDIC fógra faoi sin don Choimisiún.

3. I gcomhréir le hAirteagal 17(1), pointe (e), de Chinneadh (AE) 2022/2481:

Airteagal 23

Dliteanas agus árachas

1. Tá DC-EDIC faoi dhliteanas i leith a chuid fiach.

2. Tá dliteanas airgeadais na gcomhaltaí i leith fhiacha DC-EDIC teoranta dá ranníocaíochtaí airgeadais féin arna soláthar do DC-EDIC, mar a shonraítear in Iarscríbhinn III.

3. Níl an tAontas faoi dhliteanas i leith fhiacha DC-EDIC.

4. Beidh árachas iomchuí ag DC-EDIC chun na rioscaí a bhaineann lena ghníomhaíochtaí a chumhdach.

4. I gcomhréir le hAirteagal 17(1), pointe (i), de Chinneadh (AE) 2022/2481:

Airteagal 22

Díolúintí ó cháin agus ó dhleacht mháil

1. Díolúintí CBL bunaithe ar Airteagal 143(1)(g) agus Airteagal 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE, beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh DC-EDIC agus comhaltaí DC-EDIC atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag DC-EDIC ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha DC-EDIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin.

2. Beidh díolúintí CBL teoranta do cheannacháin ar mó a luach ná EUR 300.

3. Díolúintí ó dhleacht mháil bunaithe ar Airteagal 11(1), pointe (b), de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh DC-EDIC atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag DC-EDIC ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha DC-EDIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin, agus gur mó luach an cheannacháin ná EUR 300.